Uimhir 27 *de* 2007

AN tACHT UM CHAOMHNÚ FOSTAÍOCHTA (COMHIOMARCAÍOCHTAÍ EISCEACHTÚLA AGUS NITHE GAOLMHARA) 2007

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, léiriú agus comhlua.
2. Mínithe.
3. Ré éifeacht *Chuid 2* agus nithe gaolmhara.

CUID 2

COMHIOMARCAÍOCHTAÍ EISCEACHTÚLA

4. An ní is comhiomarcaíochtaí eisceachtúla ann.
5. Painéal Iomarcaíochta.
6. Tarchur chuig an bPainéal Iomarcaíochta.
7. Iarraidh ón Aire chun tuairim na Cúirte Oibreachais a fháil.
8. Éisteachtaí, agus tuairimí a thabhairt, ag an gCúirt Oibreachais.
9. Éifeacht tuairime.
10. An tréimhse a fhadú ar lena linn nach féidir dífhostú a dhéanamh.

CUID 3

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHAOMHNÚ FOSTAÍOCHTA 1977

11. Leasú ar alt 2 (léiriú) den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977.

12. Leasú ar alt 9 (oibleagáid ar fhostóir dul i gcomhairle le hionadaithe fostaithe) den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977.

13. Tuilleadh leasuithe (pionóis) ar an Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977.

CUID 4

LEASUITHE AR AN ACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA 1967

14. Leasú ar alt 2 (léiriú) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

15. Leasú ar alt 4 (na haicmí daoine lena mbaineann an tAcht seo) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

16. Leasú ar alt 7 (ceart ginearálta chun íocaíochta iomarcaíochta) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

17. Leasú ar alt 38 (breitheanna oifigeach breithiúnachta) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

18. Leasú ar alt 39 (An Binse Achomhairc Iomarcaíochta agus achomhairc agus tarchur chuige) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

19. Tuilleadh leasuithe (pionóis) ar an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

CUID 5

LEASUITHE AR AN ACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA 1971

20. Aisghairm alt 3 (forálacha maidir le daoine a shlánaíonn an aois cháilitheach le haghaidh pinsin seanaoise) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1971.

21. Leasú ar alt 16 (cionta a bhaineann le híocaíochtaí faoin bPríomh-Acht) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1971.

CUID 6

LEASUITHE AR AN ACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA 1979

22. Leasú ar alt 1 (mínithe) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1979.

23. Aisghairm alt 5 (forálacha maidir le daoine a shlánaíonn an aois cháilitheach le haghaidh pinsin seanaoise) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1979.

CUID 7

LEASUITHE AR AN ACHT UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH 1977

24. Leasú ar alt 1 (mínithe) den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977.

25. Leasú ar alt 2 (eisiamh) den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977.

26. Leasú ar alt 5 (dífhostú i modh frithdhúnaidh nó mar gheall ar pháirt a ghlacadh i stailc) den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977.

CUID 8

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA 1998

27. Leasú ar alt 17 (ceanglais reachtúla etc. a chomhlíonadh) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998	1998, Uimh. 21
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004	
An tAcht um Chomhionannas 2004	2004, Uimh. 24
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht Caidrimh Thionscail 1946	1946, Uimh. 26
An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000	2000, Uimh. 5
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001	2001, Uimh. 45
An tAcht um Chosaint Fostaíochta 1977	1977, Uimh. 7
An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996	1996, Uimh. 16
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967	1967, Uimh. 21
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1971	1971, Uimh. 20
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1979	1979, Uimh. 7
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2003	
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977	1977, Uimh. 10
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2005	
An tAcht um Dhífhostú Éagórach (Leasú) 1993	1993, Uimh. 22

Uimhir 27 *de* 2007

AN tACHT UM CHAOMHNÚ FOSTAÍOCHTA (COMHIOMARCAÍOCHTAÍ EISCEACHTÚLA AGUS NITHE GAOLMHARA) 2007

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ, DE DHROIM AN CREAT-CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA SÓISIALAÍ DEICH mBLIANA 2006-2015 AR A dTUGTAR "I dTREO 2016" A CHRÍOCHNÚ, MAIDIR LE PAINÉAL IOMARCAÍOCHTA A BHUNÚ AGUS COMHIOMARCAÍOCHTAÍ BEARTAITHE ÁIRITHE A THARCHUR CHUIGE AGUS MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT GHAOLMHAR AG AN AIRE FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA, LENA nÁIRÍTEAR TUAIRIMÍ A FHÁIL ÓN gCÚIRT OIBREACHAIS AR CHINEÁL COMHIOMARCAÍOCHTAÍ BEARTAITHE; DO DHÍCHUR NA hUASTEORANN AOISE DO THEIDLÍOCHT CHUN ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA; DO DHÉANAMH LEASUITHE IARMHARTACHA AR AN ACHT UM CHAOMHNÚ FOSTAÍOCHTA 1977, AR AN ACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA 1967, AR AN ACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA 1971, AR AN ACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA 1979, AR AN ACHT UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH 1977 AGUS AR AN ACHT UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA 1998; AGUS DO DHÉANAMH LEASUITHE BREISE AR NA hACHTANNA SIN CHUN PIONÓIS A UASDÁTÚ AGUS CHUN CRÍOCHA ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ REACHTÚIL.

[8 *Bealtaine*, 2007]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal, léiriú agus comhlua.

1.—(1) Féadfar an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara) 2007 a ghairm den Acht seo.

(2) Déanfar an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta 1977, mar aon leis an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001

agus an tAcht seo (a mhéid a bhaineann siad leis an Acht céadluaite), a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Chaomhnú Fostaíochta 1977 go 2007 a ghairm díobh le chéile.

(3) Déanfar na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2003 agus an tAcht seo (a mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna sin) a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007 a ghairm díobh le chéile.

(4) Déanfar na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2005 agus an tAcht seo (a mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna sin) a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007 a ghairm díobh le chéile.

(5) Déanfar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004 agus an tAcht seo (a mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna sin) a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2007 a ghairm díobh le chéile.

Mínithe. **2**.—San Acht seo—

tá le "ionadaithe fostaithe" an bhrí chéanna agus atá in alt 2(1) den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977;

ciallaíonn "gníomh tionscail"—

(*a*) scor d'obair ag aon líon nó comhlacht oibrithe ag gníomhú dóibh i gcomhar, nó diúltú comhbheartaithe nó diúltú ar chomhthuiscint ag aon líon oibrithe leanúint de bheith ag obair dá bhfostóir, arna dhéanamh chun tabhairt ar a bhfostóir, nó chun cabhrú le hoibrithe eile tabhairt ar a bhfostóir, glacadh nó gan glacadh le téarmaí nó coinníollacha fostaíochta nó le téarmaí nó coinníollacha a dhéanfadh difear d'fhostaíocht, nó

(*b*) áit fostaíochta a dhúnadh, nó obair a fhionraí, nó diúltú ag fostóir leanúint d'aon líon daoine atá ar fostú ag an bhfostóir sin a fhostú de dhroim díospóide, arna dhéanamh d'fhonn iallach a chur ar na daoine sin, nó d'fhonn cabhrú le fostóir eile iallach a chur ar dhaoine atá ar fostú ag an bhfostóir eile sin, glacadh le téarmaí nó coinníollacha fostaíochta nó téarmaí nó coinníollacha a dhéanfadh difear d'fhostaíocht;

ciallaíonn "Aire" an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;

ciallaíonn "Ard-Rúnaí" Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Ré éifeacht *Chuid 2* agus nithe gaolmhara. **3**.—(1) Faoi réir an ailt seo, níl éifeacht le *Cuid 2* ach ar feadh na tréimhse 3 bliana ó thosach feidhme an Achta seo.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordú arna dhéanamh roimh dheireadh na tréimhse a luaitear i *bhfo-alt (1)* nó roimh leathnú aon fhadaithe ar an tréimhse sin faoin bhfo-alt seo, an tréimhse sin nó na tréimhsí sin a fhadú ar feadh tréimhse breise 3 bliana más rud é—

(*a*) go bhfuil Comhar Ceardchumann na hÉireann agus Cónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann tar éis an fadú a iarraidh; agus

(*b*) gur deimhin leis an Aire go mbeadh oibriú leanúnach *Chuid 2* ar mhaithe le stiúradh leanúnach ordúil an chaidrimh tionscail.

(3) Más rud é—

(*a*) lá ar bith, go scoireann *Cuid 2* d'éifeacht a bheith leis de réir *fho-alt (1)*, agus

(*b*) an lá sin, go bhfuil aon ghníomh le déanamh fós faoin gCuid sin i ndáil le togra iomarcaíochta ar tosaíodh ar ghníomh a dhéanamh ina leith faoin gCuid sin,

leanann *Cuid 2* de bheith i bhfeidhm a mhéid is gá chun an gníomh sin a chur i gcrích, agus aon ghníomh ina dhiaidh sin dá bhforáiltear leis an gCuid sin, i leith an togra iomarcaíochta sin agus, chun na críche sin, leanann an Painéal Iomarcaíochta, arna chomhdhéanamh díreach roimh an lá sin, ar marthain ar feadh cibé tréimhse is gá chun go ndéanfaidh sé aon ghníomh a bheidh gan déanamh de réir na Coda sin.

CUID 2

Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla

An ní is comhiomarcaíochtaí eisceachtúla ann.

4.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, is comhiomarcaíochtaí eisceachtúla iad chun críocha na Coda seo dífhostuithe a bheartaíonn fostóir i dteannta a chéile sa chás go mbeidís, dá dtiocfaidís in éifeacht, ina ndífhostuithe den chineál dá dtagraítear in alt 7(2A) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 (a chuirtear isteach le *halt 16*).

(2) Chun amhras a sheachaint dearbhaítear nach bhfuil feidhm ag an gCuid seo—

(*a*) maidir le hoibrithe gníomhaireachta a fhostú le haghaidh riachtanas gnó sealadach nó athfhillteach, nó

(*b*) maidir le foinsiú allamuigh, eischonarthú nó cineálacha eile athstruchtúraithe gnó a úsáid,

in imthosca seachas na himthosca dá dtagraítear in alt 7(2A) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

Painéal Iomarcaíochta.

5.—(1) Chun críocha na Coda seo, bunaítear Painéal Iomarcaíochta.

(2) Is iad na comhaltaí seo a leanas a bheidh ar an bPainéal Iomarcaíochta:

(*a*) Cathaoirleach arna cheapadh nó arna ceapadh, i scríbhinn, ag an gComhlacht Forfheidhmithe Náisiúnta (arb é an comhlacht faoin ainm sin a bunaíodh, faoi choimirce Roinn an Taoisigh, chun maoirseacht a dhéanamh ar shíocháin agus cobhsaíocht tionscail a ghnóthachtáil agus a chothabháil);

(*b*) comhalta arna cheapadh nó arna ceapadh, i scríbhinn, ag Comhar Ceardchumann na hÉireann;

(*c*) comhalta arna cheapadh nó arna ceapadh, i scríbhinn, ag Cónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann.

(3) Beidh ag gach comhalta den Phainéal Iomarcaíochta leaschomhalta arna cheapadh nó arna ceapadh, i scríbhinn, ag an gcomhlacht a cheap an comhalta sin, a ghníomhóidh mar chomhalta den phainéal aon uair nach mbeidh an comhalta sin in ann freastal ar chruinniú den phainéal, agus, i *bhfo-ailt (4)* go *(9)*, folaíonn tagairt do chomhalta tagairt do leaschomhalta comhalta.

(4) Faoi réir *fho-ailt (5)* go *(10)*, maidir le comhalta—

(*a*) beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 3 bliana, a shonrófar san ionstraim cheapacháin iomchuí, agus

(*b*) beidh sé nó sí in-athcheaptha.

(5) Féadfaidh comhalta éirí as oifig trí litir a sheolfar chuig an údarás ceapacháin iomchuí, agus beidh éifeacht leis an éirí as an dáta a gheofar an litir.

(6) Maidir le comhalta, mura túisce a éagfaidh sé nó sí, a éireoidh sé nó sí as oifig, nó a scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, beidh sé nó sí i seilbh oifige go dtí deireadh a théarma nó a téarma oifige.

(7) Níl duine cáilithe lena cheapadh nó lena ceapadh, nó chun leanúint de bheith i seilbh oifige, mar chomhalta den Phainéal Iomarcaíochta más rud é, maidir leis an duine sin—

(*a*) gur comhalta de Sheanad Éireann é nó í nó go nglacfaidh sé nó sí le hainmniúchán mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) gur iarrthóir é nó í, nó go n-ainmneofar mar iarrthóir é nó í, lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

(*c*) go measfar, faoi Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997 é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin, nó

(*d*) gur comhalta é nó í, nó go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith, ina chomhalta nó ina comhalta, d'údarás áitiúil,

agus aon chomhalta a scoirfidh, faoin bhfo-alt seo, de bheith i dteideal leanúint i seilbh oifige mar chomhalta, scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Phainéal Iomarcaíochta.

(8) Féadfaidh an Rialtas, ar chúiseanna sonraithe, tráth ar bith comhalta a chur as oifig de dheasca mí-iompair nó i gcás go gceapann siad—

(*a*) go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach de dheasca easláinte ar fheidhmeanna comhalta a chomhlíonadh go héifeachtach, nó

(*b*) gur gá an comhalta a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Painéal Iomarcaíochta a fheidhmeanna go héifeachtach.

(9) Scoirfidh comhalta de bheith ina chomhalta nó ina comhalta—

(*a*) ar é nó í a bhreithniú ina fhéimheach nó ina féimheach,

(*b*) ar imshocraíocht nó comhshocraíocht a dhéanamh le creidiúnaithe,

(*c*) ar phianbhreith príosúnachta a chur air nó uirthi ar é nó í a chiontú ar díotáil, nó

(*d*) ar é nó í do scor de ghnáthchónaí a bheith air nó uirthi sa Stát.

(10) Aon uair a tharlóidh folúntas in oifig comhalta den Phainéal Iomarcaíochta, is é nó is í leaschomhalta an chomhalta a líonfaidh an folúntas don chuid neamhchaite de théarma oifige an chomhalta, agus ceapfaidh an comhlacht ceapacháin iomchuí leaschomhalta nua.

(11) Is trí chinneadh tromlaigh a ghníomhóidh an Painéal Iomarcaíochta.

(12) Faoi réir *fho-alt (11)*, is mar a chinnfidh an Painéal Iomarcaíochta é a bheidh cleachtas agus nós imeachta an Phainéil.

(13) Déanfaidh an tArd-Rúnaí socrú chun gach aon seirbhís rúnaíochta agus eile is gá a sholáthar don Phainéal Iomarcaíochta chun go n-oibreoidh sé go héifeachtach.

(14) Íocfar le comhalta den Phainéal Iomarcaíochta cibé luach saothair (más ann) a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

Tarchur chuig an bPainéal Iomarcaíochta.

6.—(1) Aon tráth le linn na tréimhse 30 lá dá dtagraítear in alt 9 nó 12 den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977 (de réir mar is gá sa chás), féadfaidh na daoine seo a leanas togra chun comhiomarcaíochtaí a bhunú a tharchur chuig an bPainéal Iomarcaíochta—

(*a*) ionadaithe fostaithe a ghníomhóidh le ceadú thromlach na ndaoine dá ndéanann siad ionadaíocht agus dá ndéanann an togra iomarcaíochta difear, nó

(*b*) an fostóir lena mbaineann,

le fógra i scríbhinn a dhíreofar chuig Cathaoirleach an Phainéil faoi chúram an Ard-Rúnaí agus a sheolfar chuig an Ard-Rúnaí nó a sheachadfar air nó uirthi ag príomhoifig na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

(2) Socróidh an tArd-Rúnaí go ndéanfar tarchur faoi *fho-alt (1)* a chur ar aghaidh gan mhoill go dtí Cathaoirleach an Phainéil Iomarcaíochta, agus déanfaidh an Painéal—

(*a*) laistigh de lá oibre amháin tar éis don Chathaoirleach an tarchur a fháil—

(i) an méid sin a chur in iúl don Aire, agus

(ii) a iarraidh ar pháirtithe dá ndéantar difear aighneachtaí a dhéanamh chuige i ndáil leis an togra,

agus

(*b*) laistigh de 7 lá oibre tar éis don Chathaoirleach an tarchur a fháil—

(i) fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire lena n-iarrfar ar an Aire tuairim a lorg ar an gCúirt Oibreachais i dtaobh an amhlaidh gur togra lena mbaineann an Chuid seo é an togra nó ina luafar go bhfuil an Painéal den tuairim nach ndearnadh na coinníollacha chun iarraidh den sórt sin a dhéanamh atá leagtha amach i *bhfo-alt (3)* a chomhlíonadh, agus

(ii) cóip den fhógra sin a thabhairt don pháirtí óna bhfuarthas an tarchur agus do pháirtithe eile dá ndéantar difear.

(3) Ní ceadmhach don Phainéal Iomarcaíochta iarraidh a dhéanamh chuig an Aire faoi *fho-alt (2)(b)(i)* mura rud é—

(*a*) gur dealraitheach don Phainéal gur comhiomarcaíochtaí eisceachtúla na comhiomarcaíochtaí beartaithe, agus

(*b*) gur deimhin leis an bPainéal, i ndáil leis an togra, maidir leis an bpáirtí óna bhfuarthas an tarchur—

(i) go ndearna sé iarracht, agus nár éirigh leis, an t-ábhar a réiteach trí chaidreamh áitiúil, is é sin, trí gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas:

(I) nósanna imeachta bunaithe chun díospóidí a réiteach;

(II) nósanna imeachta atá i bhfeidhm, nó a mbaintear leas astu de réir nóis nó gnáthchleachtais, san fhostaíocht lena mbaineann;

(III) gnáthnósanna imeachta comhchomhairliúcháin,

(ii) gur ghníomhaigh sé go réasúnach agus nár ghníomhaigh sé ar shlí a chuir bac, i dtuairim an Phainéil, le comhaontú chun athstruchtúrú a dhéanamh, nó chun athruithe eile a dhéanamh, is gá chun inmharthanacht ghnó an fhostóra agus, dá dhroim sin, na leibhéil fostaíochta agus na coinníollacha is fearr is féidir, a áirithiú, agus

(iii) nach ndeachaigh sé ar iontaoibh gnímh tionscail ó tarchuireadh an togra chuig an bPainéal.

Iarraidh ón Aire chun tuairim na Cúirte Oibreachais a fháil.

7.—(1) Féadfaidh an tAire—

(*a*) laistigh de 7 lá oibre tar éis iarraidh a fháil ón bPainéal Iomarcaíochta faoi *alt 6*, nó

(*b*) faoi réir *fho-alt (3)*, ar thionscnamh an Aire féin, ar mhaithe le leas an phobail,

a iarraidh ar an gCúirt Oibreachais tuairim a thabhairt i dtaobh an comhiomarcaíochtaí eisceachtúla iad comhiomarcaíochtaí atá beartaithe ag fostóir.

(2) I *bhfo-alt (1)(b)*, folaíonn "leas an phobail"—

(*a*) ord poiblí agus leasanna na slándála náisiúnta,

(*b*) sláinte agus sábháilteacht an phobail,

(*c*) an gá atá ann an margadh saothair a chosaint, agus

(*d*) cearta fostaíochta reachtúla a chosaint.

(3) Ní ceadmhach don Aire iarraidh a dhéanamh faoi *fho-alt 1(b)* ach amháin más rud é—

(*a*) gur dealraitheach don Aire gur comhiomarcaíochtaí eisceachtúla na comhiomarcaíochtaí beartaithe, agus

(*b*) nach bhfuil an tréimhse iomchuí a shonraítear i *bhfo-alt (4)* caite.

(4) Chun críocha *fho-alt (3)(b)*, is éard atá sa tréimhse iomchuí—

(*a*) mura bhfuil an tréimhse 30 lá a shonraítear in alt 9(3) den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977 caite agus mura mbeidh tarchur chun an Phainéil Iomarcaíochta déanta faoi *alt 6(1)* — an tréimhse 30 lá sin,

(*b*) más rud é go bhfuil tarchur chun an Phainéil Iomarcaíochta déanta faoi *alt 6(1)* ach nach bhfuil iarraidh déanta ag an bPainéal faoi *alt 6(2)* — an tréimhse 7 lá oibre a shonraítear in *alt 6(2)*.

Éisteachtaí, agus tuairimí a thabhairt, ag an gCúirt Oibreachais.

8.—(1) Laistigh de 16 lá tar éis iarraidh faoi *alt 7* a fháil, déanfaidh an Chúirt Oibreachais—

(*a*) éisteacht a thionól maidir leis an ní, agus

(*b*) (i) a tuairim a thabhairt don Aire i dtaobh an comhiomarcaíochtaí eisceachtúla na comhiomarcaíochtaí beartaithe, nó

(ii) tuarascáil a thabhairt don Aire nach bhfuil sí in ann, mar gheall ar *fho-alt (2)*, tuairim a thabhairt, agus sonrú a dhéanamh sa tuarascáil ar na himthosca is cúis le hoibriú an fho-ailt sin.

(2) Ní ceadmhach don Chúirt tuairim a thabhairt faoi *fho-alt (1)* mura deimhin léi, i ndáil leis an togra iomchuí—

(*a*) go ndearna an páirtí óna bhfuarthas an tarchur chuig an bPainéal iarracht, agus nár éirigh leis, an t-ábhar a réiteach trí chaidreamh áitiúil, is é sin, gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas:

(i) nósanna imeachta bunaithe chun díospóidí a réiteach;

(ii) nósanna imeachta atá i bhfeidhm, nó a mbaintear leas astu de réir nóis nó gnáthchleachtais, san fhostaíocht lena mbaineann;

(iii) gnáthnósanna imeachta comhchomhairliúcháin,

(*b*) gur ghníomhaigh an páirtí sin go réasúnach agus nár ghníomhaigh sé ar shlí a chuir bac, i dtuairim na Cúirte, le comhaontú chun athstruchtúrú a dhéanamh, nó chun athruithe eile a dhéanamh, is gá chun inmharthanacht ghnó an fhostóra agus, dá dhroim sin, na leibhéil fostaíochta agus na coinníollacha is fearr is féidir, a áirithiú, agus

(*c*) nach bhfuil aon ghníomh tionscail reatha ar siúl thar ceann an pháirtí sin.

(3) Chun críocha na Coda seo, tá éifeacht le halt 21 den Acht Caidrimh Thionscail 1946 amhail is dá ndéanfaí "agus faoi *Chuid 2* den *Acht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara) 2007*" a chur isteach i ndiaidh "chun críocha aon imeacht ina láthair faoin Acht seo" i bhfo-alt (1) den alt sin.

(4) Ní bheidh aon ábhar achomhairc ann in aghaidh tuairime a thabharfaidh an Chúirt Oibreachais faoin alt seo, ach ní dhéanann aon ní san alt seo difear do chumhacht an Bhinse Achomhairc Fostaíochta cinneadh a dhéanamh ar aon cheist arna tarchur chuige faoi alt 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

(5) Déanfaidh an tAire, laistigh de 7 lá oibre tar éis tuairim a fháil ón gCúirt Oibreachais faoi *fho-alt (1)*, fógra a thabhairt do pháirtithe dá ndéantar difear, ar cibé modh a mheasfaidh sé is cuí, i dtaobh an tuairim a thabhairt agus i dtaobh a bhfuil inti.

Éifeacht tuairime.

9.—(1) Más rud é—

(*a*) go dtugann an Chúirt Oibreachais tuairim gur comhiomarcaíochtaí eisceachtúla iad comhiomarcaíochtaí atá beartaithe ag fostóir,

(*b*) go dtéann an fostóir ar aghaidh leis an dífhostú ar an mbonn céanna atá sa togra iomchuí, agus

(*c*) go ndéanann an fostóir iarratas chuig an Aire ar lacáiste faoi Chuid III den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967,

tabharfaidh an tAire aird ar thuairim na Cúirte Oibreachais nuair atá iarratas an fhostóra ar an lacáiste á bhreithniú aige nó aici.

(2) Má dhiúltaíonn an tAire an lacáiste a íoc, nó má íocann sé nó sí lacáiste laghdaithe, níl feidhm ag an díolúine ó cháin ioncaim dá bhforáiltear le halt 203 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 i ndáil le híocaíochtaí cnapshuime a dhéanfaidh an fostóir de bhun alt 19 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 le fostaithe a dhífhostófar mar a luaitear i *bhfo-alt (1)*.

(3) Tá éifeacht le halt 7 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 i ndáil le dífhostú ar aon cheann amháin é de líon dífhostuithe atá ar áireamh i gcomhiomarcaíocht a gcinnfidh an Chúirt Oibreachais, i

dtuairim a thabharfar faoi *alt 8*, gur comhiomarcaíocht eisceachtúil í amhail is—

(*a*) gur cuireadh an mhír seo a leanas in ionad mhír (*c*) d'fho-alt (1) d'alt 7:

"(*c*) an fostóir d'íoc cibé cúitimh leis an bhfostaí is cóir agus is cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir, ach nach mó a méid ná luach saothair i leith na fostaíochta as ar dífhostaíodh an fostaí (arna ríomh de réir rialachán faoi alt 17 den Acht seo) ar feadh—

(i) i gcás fostaí nach raibh, ar dháta an dífhostaithe, níos mó ná 20 bliain de sheirbhís leanúnach aige nó aici — 208 seachtain, nó

(ii) i gcás fostaí a raibh, ar dháta an dífhostaithe, níos mó ná 20 bliain de sheirbhís leanúnach aige nó aici— 260 seachtain.",

agus

(*b*) gur cuireadh an fo-alt seo a leanas in ionad fho-alt (2) d'alt 7:

"(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), le linn aon laghdú ar mhéid an chúitimh is iníoctha ar shlí eile faoi mhír (*c*) den fho-alt sin a chinneadh ní thabharfar aird ach amháin ar mhéid (más ann) na híocaíochta téarfa nó iomarcaíochta arna glacadh ag an bhfostaí i leith an dífhostaithe.".

An tréimhse a fhadú ar lena linn nach féidir dífhostú a dhéanamh.

10.—(1) Ní bheidh éifeacht leis an gcéad dífhostú faoi thogra le haghaidh comhiomarcaíochtaí a tharchuirtear chun an Phainéil Iomarcaíochta faoi *alt 6(1)* níos luaithe ná deireadh cibé ceann de na tréimhsí seo a leanas is déanaí is infheidhme:

(*a*) an tréimhse 7 lá oibre dar tosach an lá a gheobhaidh an Painéal tarchur an togra;

(*b*) an tréimhse 7 lá oibre dar tosach an lá a gheobhaidh an tAire iarraidh arna déanamh ag an bPainéal Iomarcaíochta faoi *alt 6(2)*, nó

(*c*) an tréimhse 16 lá dar tosach an lá a dhéanfar iarraidh arna déanamh ag an Aire faoi *alt 7(1)* a thaisceadh leis an gCúirt Oibreachais.

(2) Ní dhéanann aon rud i bhfo-alt (1) difear—

(*a*) d'oibriú alt 9(3) nó 12(1) den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977, ná

(*b*) do cheart fostóra fostaí a dhífhostú ar shlí eile seachas de bhun an togra le haghaidh comhiomarcaíochtaí.

(3) Aon fhostóir a dhéanann fostaí a dhífhostú de bhun togra le haghaidh comhiomarcaíochtaí roimh dheireadh cibé ceann de na

tréimhsí, a shonraítear i *bhfo-alt (1)* agus in ailt 9(3) agus 12(1) den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977, is infheidhme, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.

CUID 3

Leasuithe ar an Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977

Leasú ar alt 2 (léiriú) den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977.

11.—Leasaítear alt 2 den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977 i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "an tAire":

"ciallaíonn 'Aire' an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;".

Leasú ar alt 9 (oibleagáid ar fhostóir dul i gcomhairle le hionadaithe fostaithe) den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977.

12.—Leasaítear alt 9 den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977 i bhfo-alt (3) trí "sula dtabharfar an chéad fhógra dífhostaithe" a chur in ionad "sula nglacfaidh an chéad dífhostú éifeacht".

Tuilleadh leasuithe (pionóis) ar an Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977.

13.—Leasaítear an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta 1977 i ngach foráil dá chuid a shonraítear sa Tábla a ghabhann leis an alt seo tríd an méid a shonraítear i gcolún (3) den Tábla sin a chur in ionad an méid a shonraítear i gcolún (2) den Tábla sin os coinne uimhir na forála lena mbaineann.

AN TÁBLA

(1) An fhoráil	(2) Le scriosadh—	(3) Le cur ina ionad—
Alt 11	£1,500	€5,000
Alt 13	£1,500	€5,000
Alt 14	€12,500	€250,000
Alt 17(3)	£1,500	€5,000
Alt 18(3)	£1,500	€5,000

CUID 4

Leasuithe ar an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967

Leasú ar alt 2 (léiriú) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

14.—Leasaítear alt 2 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "an tAire":

"ciallaíonn 'Aire' an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;".

Leasú ar alt 4 (na haicmí daoine lena mbaineann an tAcht seo) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

15.—Leasaítear alt 4 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Faoi réir an ailt seo agus alt 47, beidh feidhm ag an Acht seo maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) fostaithe a fhostaítear i bhfostaíocht atá inárachaithe le haghaidh gach sochair faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,

(*b*) fostaithe a bhí ar fostú amhlaidh san fhostaíocht sin i gcaitheamh na tréimhse ceithre bliana dar chríoch dáta na fostaíochta a fhoirceannadh, agus

(*c*) fostaithe a bhfuil 66 bliana d'aois slánaithe acu agus atá i bhfostaíocht ab inárachaithe i gcomhair gach sochair faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 murach—

(i) an aois sin a bheith slánaithe acu, nó

(ii) gur fostaíocht eiscthe í an fhostaíocht lena mbaineann de bhíthin mhír 2, 4 nó 5 de Chuid 2 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin.".

Leasú ar alt 7 (ceart ginearálta chun íocaíochta iomarcaíochta) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

16.—Leasaítear an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Chun críocha fho-alt (1), maidir le fostaí a dhífhostófar, ní mheasfar é nó í a bheith dífhostaithe de bhíthin iomarcaíochta más rud é—

(*a*) gur aon cheann amháin é an dífhostú de roinnt dífhostuithe arb ionann is comhiomarcaíochtaí iad, i dteannta a chéile, mar atá mhínithe in alt 6 den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977,

(*b*) go ndearnadh na dífhostuithe lena mbaineann ar bhonn éigeantach,

(*c*) gur cuireadh na daoine seo a leanas, nó go bhfuiltear chun na daoine seo a leanas a chur, in ionad na bhfostaithe dífhostaithe, san áit chéanna nó in áit eile sa Stát (ach amháin i gcás go bhfuil oibríocht láithreach a bhfuil téarmaí agus coinníollacha bunaithe ag baint léi ag an bhfostóir)—

(i) daoine eile atá, nó atá le bheith, ar fostú go díreach ag an bhfostóir, nó

(ii) daoine eile a soláthraítear a gcuid seirbhísí don fhostóir sin de bhun socruithe eile, nó a bhfuiltear chun a gcuid seirbhísí a sholáthar amhlaidh,

(*d*) go gcomhlíonann, nó go gcomhlíonfaidh, na daoine eile sin na feidhmeanna céanna go bunúsach a chomhlíon na fostaithe dífhostaithe, agus

(*e*) go bhfuil téarmaí agus coinníollacha fostaíochta na ndaoine eile sin níos measa go hábhartha ná téarmaí agus coinníollacha fostaíochta na bhfostaithe dífhostaithe, nó go bhfuil siad le bheith amhlaidh.".

Leasú ar alt 38 (breitheanna oifigeach breithiúnachta) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

17.—Leasaítear alt 38 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (*a*) go (*f*):

"(*a*) i dtaobh cé hé nó cé hí an fostóir ag fostaí,

(*b*) i ndáil leis na nithe seo a leanas a íoc as an gCiste Árachais Shóisialaigh—

(i) lacáistí d'fhostóirí faoi alt 29, nó

(ii) cnapshuimeanna le fostaithe faoi alt 32,

nó

(*c*) i dtaobh cibé nithe eile a éiríonn faoin Acht seo agus a fhorordófar,".

Leasú ar alt 39 (An Binse Achomhairc Iomarcaíochta agus achomhairc agus tarchur chuige) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

18.—Leasaítear alt 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 i bhfo-alt (16) trí "sa tslí fhorordaithe" a scriosadh.

Tuilleadh leasuithe (pionóis) ar an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967.

19.—Leasaítear an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 i ngach foráil dá chuid a shonraítear sa Tábla a ghabhann leis an alt seo tríd an méid a a shonraítear i gcolún (3) den Tábla sin a chur in ionad an méid a shonraítear i gcolún (2) den Tábla sin os coinne uimhir na forála lena mbaineann.

AN TÁBLA

(1) An fhoráil	(2) Le scriosadh—	(3) Le cur ina ionad—
Alt 17(3)	€3,000	€5,000
Alt 18(4)	€3,000	€5,000
Alt 36(3)	€3,000	€5,000
Alt 39(17)(*e*)	£150	€5,000

CUID 5

Leasuithe ar an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1971

Aisghairm alt 3 (forálacha maidir le daoine a shlánaíonn an aois cháilitheach le haghaidh pinsin seanaoise) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1971.

20.—Aisghairtear alt 3 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1971.

21.—Leasaítear alt 16 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1971 i bhfo-ailt (1) agus (2) trí "€5,000" a chur in ionad "£300". Leasú ar alt 16 (cionta a bhaineann le híocaíochtaí faoin bPríomh-Acht) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1971.

CUID 6

Leasuithe ar an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1979

22.—Leasaítear alt 1 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1979 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "an tAire": Leasú ar alt 1 (mínithe) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1979.

"ciallaíonn 'Aire' an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;".

23.—Aisghairtear alt 5 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1979. Aisghairm alt 5 (forálacha maidir le daoine a shlánaíonn an aois cháilitheach le haghaidh pinsin seanaoise) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1979.

CUID 7

Leasuithe ar an Acht um Dhífhostú Éagórach 1977

24.—Leasaítear alt 1 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "an tAire": Leasú ar alt 1 (mínithe) den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977.

"ciallaíonn 'Aire' an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;".

25.—(1) Leasaítear alt 2 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 i bhfo-alt (2)— Leasú ar alt 2 (eisiamh) den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977.

(*a*) trí "Faoi réir fho-alt (2A), ní bheidh feidhm ag an Acht seo" a chur in ionad "Ní bheidh feidhm ag an Acht seo", agus

(*b*) tríd an gcoinníoll (dar tosach na focail "Ar choinníoll más rud é, tar éis dífhostú", lena n-áirítear an sliocht léirmhínitheach dar tosach na focail "Sa choinníoll seo ciallaíonn 'réamhchonradh',") a scriosadh.

(2) Leasaítear alt 2 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Más rud é, tar éis dífhostú arbh é amháin ba chúis leis téarma conartha fostaíochta den sórt a luaitear i bhfo-alt (2) ('an conradh roimh ré') do dhul in éag gan an téarma a athnuachan faoin gconradh nó scor chríoch an chonartha—

(*a*) go n-athfhostaíonn an fostóir lena mbaineann an fostaí lena mbaineann laistigh de 3 mhí ón dífhostú faoi chonradh fostaíochta den sórt sin arna dhéanamh idir an fostóir agus an fostaí ('an conradh iardain') agus gurb ionann cineál na fostaíochta agus cineál na fostaíochta faoin gconradh roimh ré nó gur cosúil cineál na fostaíochta le cineál na fostaíochta faoin gconradh roimh ré,

(*b*) go ndéantar an fostaí a dhífhostú as an bhfostaíocht,

(*c*) gurbh é amháin ba chúis leis an dífhostú téarma an chonartha iardain do dhul in éag gan an téarma a athnuachan faoin gconradh nó scor chríoch an chonartha, agus

(*d*) i dtuairim an choimisinéara um chearta, an Bhinse nó na Cúirte Cuarda, de réir mar a bheidh, gur go hiomlán nó go páirteach chun dliteanas faoin Acht seo a sheachaint nó i ndáil leis an gcríoch sin a rinne an fostóir an conradh iardain,

ansin—

(i) beidh feidhm ag an Acht seo, faoi réir na bhforálacha eile ann, maidir leis an dífhostú, agus

(ii) déanfar téarma an chonartha roimh ré agus aon réamhchonarthaí a chur le téarma an chonartha iardain chun tréimhse seirbhíse an fhostaí leis an bhfostóir a chinntiú faoin Acht seo agus measfar chun na gcríoch sin gur tréimhse seirbhíse leanúnaí an tréimhse a cinntíodh amhlaidh.

(2B) I bhfo-alt (2A), ciallaíonn 'réamhchonradh', i ndáil le conradh roimh ré—

(*a*) conradh fostaíochta den chineál atá luaite i bhfo-alt (2) a ndeachaigh a théarma in éag tráth nach luaithe ná 3 mhí roimh thosach feidhme an chonartha roimh ré, nó

(*b*) gach ceann de shraith conarthaí a ndeachaigh téarma an chonartha deiridh díobh in éag tráth nach luaithe ná 3 mhí roimh thosach feidhme théarma an chonartha roimh ré agus go ndeachaigh téarma an chonartha eile nó gach ceann de na conarthaí eile sa tsraith in éag tráth nach luaithe ná 3 mhí roimh thosach feidhme théarma an chonartha eile, nó an chéad chonartha eile, sa tsraith,

is conradh nó conarthaí a rinneadh idir an fostóir agus an fostaí a bhí ina bpáirtithe sa chonradh roimh ré agus arbh ionann cineál na fostaíochta faoi nó fúthu agus cineál na fostaíochta faoin gconradh roimh ré nó ar chosúil cineál na fostaíochta faoi nó fúthu le cineál na fostaíochta faoin gconradh roimh ré.".

(3) Leasaítear alt 2 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 i bhfo-alt (5) trí "i bhfo-alt (2A)" a chur in ionad "sa choinníoll (a cuireadh isteach leis an Acht um Dhífhostú Éagórach (Leasú), 1993) a ghabhann le fo-alt (2) den alt seo".

Leasú ar alt 5 (dífhostú i modh frithdhúnaidh nó mar gheall ar pháirt a ghlacadh i stailc) den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977.

26.—Leasaítear alt 5 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Gan dochar d'infheidhmeacht aon cheann d'fhorálacha alt 6 maidir leis an gcás, más rud é—

(*a*) maidir le fostaí—

(i) go meastar le fo-alt (1) gur dífhostaíodh é nó í mar gheall ar fhrithdhúnadh, nó

(ii) go ndífhostaítear é nó í mar gheall ar pháirt a ghlacadh i stailc nó i ngníomh tionscail eile,

agus

(*b*) nach ndearnadh aon duine de na daoine a ndearnadh frithdhúnadh orthu, nó a ghlac páirt sa stailc nó sa ghníomh tionscail, a athfhruiliú,

le linn don choimisinéir um chearta, don Bhinse nó don Chúirt Chuarda, de réir mar a bheidh, a chinneadh an dífhostú éagórach, sna himthosca sin, an dífhostú, beidh aird aige nó aici, chun na críche sin amháin, ar na nithe seo a leanas—

(i) réasúntacht, nó a mhalairt, iompar (cibé acu trí ghníomh nó neamhghníomh) an fhostóra nó an fhostaí i ndáil leis an dífhostú,

(ii) a mhéid (más aon mhéid é) a chomhlíon nó nár chomhlíon an fostóir an nós imeachta dá dtagraítear in alt 14(1),

(iii) a mhéid (más aon mhéid é) a chomhlíon nó nár chomhlíon an fostóir nó an fostaí forálacha aon chóid cleachtais dá dtagraítear in alt 7(2)(*d*), agus

(iv) an é, maidir le haon nósanna imeachta a comhaontaíodh maidir le gearáin agus is infheidhme maidir leis an bhfostaíocht atá i gceist, gur chloígh na páirtithe tráth an fhrithdhúnaidh, na stailce nó an ghnímh tionscail leo.".

CUID 8

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA 1998

Leasú ar alt 17 (ceanglais reachtúla etc. a chomhlíonadh) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998.

27.—(1) Measfar éifeacht a bheith leis an leasú ar alt 17 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 a rinneadh le mír (*b*) d'alt 10 den Acht um Chomhionannas 2004 ó thosach feidhme na míre sin amhail is dá mbeadh "tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3)" in ionad "tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4)".

(2) Leasaítear alt 17 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) I ndáil le hidirdhealú ar an bhforas aoise, ní fhágfaidh aon ní san Acht seo gur gníomh neamhdhleathach aon ghníomh a dhéantar i gcomhlíonadh—

(*a*) an Achta um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996, nó

(*b*) an Achta um Pá Íosta Náisiúnta 2000.".